Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 19

# Oifig an Ombudsman

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar na tuarastail agus na speansais a thabhaigh Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €1.716 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh tháirgeadh na gcuntas leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais ach amháin i ndáil leis na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar ceadúnais bhogearraí a dhímheas de réir méid cothrom ag ráta de 33% sa bhliain.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú Inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí chomhroinnte a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo. Ní mheasann ONSC í féin mar rialaitheoir sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis atá á próiseáil aici.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta, iniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu, i measc nithe eile. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Is i bhfeidhm ag an Oifig atá crua-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire, atá ar fáil don fhoireann ar fad. Is i bhfeidhm freisin atá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadal.

***Comhlíontacht soláthair***

Áirithíonn an Oifig go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha ar fad a áirithiú. Chomhlíon an Oifig leis na treoirlínte iomchuí ach bhí eisceacht amháin ann - conradh luach €33,341 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Baineann sé seo, áfach, le cás ina raibh conradh le haghaidh seirbhísí glantacháin bunaithe roimhe sin, i ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch, ach leanadh leis seo i ndiaidh an dáta éagtha de bhrí go raibh an Oifig ag athlonnú chuig áitreabh eile i mí na Nollag 2019.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig, atá seachfhoinsithe go seachtrach, agus a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti. Feidhmíonn an t-aonad iniúchta inmheánaigh faoi chairt a ceadaíodh in 2016. Is é atá mar bhonn lena chuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair m'Oifige agus a pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, ceadaithe agamsa, atá bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chur san áireamh ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta bunaithe agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn os comhair an Choimisiúin agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don fhoireann bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann sí eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2019 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

**Elaine Cassidy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

31 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ombudsman agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Bealtaine 2020

# Vóta 19 Oifig an Ombudsman

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 6,648 | 5,975 | 5,496 |
| B | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 2,234 | 1,722 | 1,610 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 3,292 | 2,721 | 2,623 |
| **Ollchaiteachas** | | **12,174** | **10,418** | **9,729** |
| | *Bain as* | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **456** | **416** | **426** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,718** | **10,002** | **9,303** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe faoi dhliteanas a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **1,716,274** | **1,874,057** |

**Elaine Cassidy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

31 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 7,903 | 7,327 |
| Neamhphá | | 2,515 | 2,402 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,418** | **9,729** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i- gcabhair** | | **416** | **426** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,002** | **9,303** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (434) | | |
| Dímheas | 498 | | |
| Brabús ar dhiúscairt | 14 | 78 | 43 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (207) | | |
| Méadú ar stoc | 5 | (202) | (63) |
| **Caiteachas díreach** | | **9,878** | **9,283** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,633 | 2,475 |
| **Glanchostas cláir** | | **12,511** | **11,758** |

### 1.1 Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 19 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 30 | 23 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,262 | 1,287 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,328 | 1,153 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 13 | 12 |
| | | **2,633** | **2,475** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 942 | 1,021 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | | 7 | 12 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 49 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí | | 328 | 133 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.4 | 233 | 37 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 617 | 222 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 9 | (294) |
| Speansais fhabhraithe | | 35 | 48 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.3 | 273 | 371 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 317 | 125 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 300 | 97 |
| **Glansócmhainní** | | **1,242** | **1,118** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.5 | **1,242** | **1,118** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 2,515 | 436 | 113 | 21 | 3,085 |
| Breiseanna | 405 | — | 2 | 27 | 434 |
| Diúscairtí | (179) | (436) | (57) | — | (672) |
| A tugadh chun úsáide | 29 | — | — | (29) | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 2770 | — | 58 | 19 | 2,847 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 1,544 | 423 | 97 | — | 2,064 |
| Dímheas don bhliain | 491 | — | 7 | — | 498 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (177) | (423) | (57) | — | (657) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2019 | 1,858 | — | 47 | — | 1905 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **912** | **—** | **11** | **19** | **942** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 971 | 13 | 16 | 21 | 1,021 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | (9) | 287 |
| Iarmhéid cuntas bainc eile | — | 7 |
| | **(9)** | **294** |

## 2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 126 | 117 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 65 | 58 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 19 | 15 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 26 | 22 |
| | 236 | 212 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoimeád ar fionraí | 30 | 29 |
| Míreanna sochair eile: fionraí | 7 | 130 |
| | **273** | **371** |

## 2.4 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,716 | 1,874 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1,949) | (1,911) |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | **(233)** | **(37)** |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 49 | 40 |
| | 49 | 40 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (9) | 294 |
| Dlite don Stát | (236) | (212) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (37) | (159) |
| | (282) | (77) |
| | **(233)** | **(37)** |

## 2.5 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,118 | 1,098 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 11,718 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (1,716) | | |
| Glanvóta | | | 10,002 | 9,303 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 2,633 | 2,475 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (12,511) | (11,758) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,242** | **1,118** |

## 2.6 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **267** | **322** |

## 2.7 Dliteanas teagmhasach

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi dhliteanas costais dlí réasúnta iarratasóra a íoc, faoi réir cáin a íoc orthu, a eascraíonn as cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar tugadh faoi in aghaidh an Choimisiúin agus a réitíodh.

Tugadh faoi achomharc san Ard-Chúirt, i gcás eile, in aghaidh chinneadh Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil. Bronntar éifeacht in ordú na hArd-Chúirte dar dáta Samhain 2019 ar an gcomhaontú a baineadh amach idir na páirtithe trína ndearnadh an cás a chur faoi bhráid na hOifige arís eile chun breithniú úrnua a dhéanamh air, chomh maith le hordú ina sonraítear go bhfuil an Oifig faoi dhliteanas íoc as costais dlí an achomharcóra.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Analís chaiteachais riaracháin

Leithroinneadh caiteachas riaracháin ar fud na glár ar mhaithe le costais iomlána chláir a chur i láthair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 9,029 | 7,903 | 7,327 |
| ii | Taisteal agus cothú | 61 | 72 | 57 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 398 | 334 | 393 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 42 | 42 | 40 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,044 | 938 | 816 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 406 | 152 | 107 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 434 | 488 | 314 |
| viii | Táillí dlí | 750 | 489 | 675 |
| ix | An Coimisiún Reifrinn | 10 | — | — |
| | | **12,174** | **10,418** | **9,729** |

### Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathrúcháin suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**vi Costais áitreabh oifige**

*Soláthar meastacháin: €406,000, toradh: €152,000*

Baineann an tearc-chaitheamh €254,000 le teagmhas a bhí bunaithe sa chás go mbeadh costais a bhaineann le troscán mar thoradh ar athlonnú na hOifige chuig áitreabh eile i mí na Nollag 2019 a bhí le híoc ó Vóta an Ombudsman. Chomhaontaigh ONP formhór an chostais seo a íoc óna vóta agus, dá réir sin, ní raibh an tsuim seo ag teastáil.

**viii Táillí dlí**

*Soláthar mheastacháin: €750,000, toradh: €489,000*

Is ann don tearc-chaitheamh €261,000 de bhrí go bhfuil sé an-deacair táillí dlí a mheas go beacht. Tá ceart ann cinntí a achomharc, faoi reachtaíocht um shaoráil faisnéise agus faisnéis chomhshaoil, chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí. Bíonn sé deacair táillí dlí a thuar mar go mbraitheann siad ar líon agus ar uainiú cásanna cúirte agus tuilleadh achomharc chuig na cúirteanna níos airde.

## Clár A Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poilblí

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 5,388 | 4,953 | 4,579 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,260 | 1,023 | 917 |
| | | **6,648** | **5,976** | **5,496** |

## Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 1,450 | 1,062 | 988 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 784 | 660 | 622 |
| | | **2,234** | **1,722** | **1,610** |

## Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 2,191 | 1,888 | 1,760 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 1,101 | 832 | 863 |
| | | **3,292** | **2,720** | **2,623** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fíneálacha íocaíochta seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 | 72 | 49 | 87 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí[a] | 364 | 298 | 322 |
| 3 | Ilghnéitheach | 20 | 69 | 17 |
| | **Iomlán** | **456** | **416** | **426** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníochta leis an Stáchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Bailithe | 12 | 3 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (4) | (3) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **8** | **—** |

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 Líon fostaithe

| **Coibhéisí Lánaimseartha** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **132** | **125** |

### 5.2 Pá

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 7,312 | 6,815 |
| Liúntas i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 24 | 20 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 22 | 13 |
| ÁSPC Fostóra | 545 | 479 |
| **Pá iomlán** | **7,903** | **7,327** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 4 | 1 | 10,913 | 10,913 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 28 | — | 3,633 | 4,576 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 3 | — | 8,327 | 9,269 |

### 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le triúr oifigeach a bhí ag feidhmiú lasmuigh den Oifig le haghaidh cuid de 2019 i Ranna/Oifigí Rialtais eile nach ndearna an Oifig a dtuarastail a fhorchúiteamh.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Aisghabháil costas dlí

Bhí dhá chás ar leith ann ina ndearnadh costais a dhámhachtain ar an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i ndáil le cosaint rathúil cásanna athbhreithnithe breithiúnacha arna dtionscnamh ag comhairleoir agus iarchomhairleoir contae i gcoinne an Choimisiúin i ndáil le himscrúduithe a bhí á ndéanamh aige. Tá iarrachtaí an Choimisiúin na costais seo a aisghabháil ar siúl go leanúnach.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2019 | 2018 [a] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dhlíthiúla arna n-íoc ag an Oifig** | **Cúiteamh dáfa** | **Costais dlí dáfa** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh a rinne baill den phobal** | | | | | | |
| Oifig an Ombudsman | 1 | 23 | — | — | 23 | — |
| Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | — | | — | — | — | 67 |
| Oifig an Choimisinéara Faisnéise | 21 | 236 | — | — | 236 | 277 |
| Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 12 | 86 | — | 20 | 106 | 156 |
| Coimisiún um Chaighdeáin i g in Oifigí Poiblí | 3 | 66 | — | — | 66 | 52 |
| | **37** | **411** | **—** | **20** | **431** | **552** |

Nota [a] Tá figiúirí athshonraithe sa chuntas le haghaidh cásanna cúirte ar tabhaíodh caiteachas ina leith in 2018